Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Príomh Oifigeach Dóiteáin Cúnta

# Eolas d'Iarratasóirí

## Meitheamh 2024

**1. An Post**
Oibríonn an Príomh Oifigeach Dóiteáin Cúnta mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach taobh istigh de Stiúrthóireacht na Seirbhísí Dóiteáin chun príomhsheirbhísí an údaráis áitiúil a sheachadadh.

Éilíonn an ról eolas agus tuiscint shoiléir ar sheirbhísí an údaráis áitiúil agus ar a phríomhpháirtithe leasmhara agus caidrimh, struchtúir rialtas áitiúil agus a ról agus a shainordú daonlathach, saincheisteanna reatha rialtas áitiúil, treochtaí agus treo straitéiseach na hearnála sa todhchaí, bainistiú agus cur i bhfeidhm athruithe, agus Conarthaí Oibreacha Poiblí.

Oibreoidh an Príomh Oifigeach Dóiteáin Cúnta faoi stiúir an Phríomh-Oifigigh Dóiteáin nó a (h)ainmní agus tabharfaidh sé/sí faoi na dualgais a shannfaidh an Príomh-Oifigeach Dóiteáin nó a (h)ainmní dó/di.

**2. Ról, Dualgais agus Freagrachtaí**
Tá liosta neamh-uileghabhálach de fhreagrachtaí an Príomh Oifigigh Dóiteáin Cúnta leagtha amach thíos:

**Dóiteáin a Chosc**, lena n-áirítear:
- Iarratais ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán a phróiseáil
- Cigireachtaí a dhéanamh faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, faoin Acht um Rialú Foirgníochta agus faoi reachtaíocht ábhartha eile;
- Cigireachtaí a dhéanamh faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Údaráis Dóiteáin agus é ag déileáil le hiarratais os comhair na gCúirteanna;
- Sábháilteacht Dóiteáin Pobail a bhainistiú lena n-áirítear Clár na mBunscoileanna;
- Comhairle agus cainteanna faoi shábháilteacht ó dhóiteán a thabhairt do gach duine dár bpobal a d’fhéadfadh tarlú taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre

**Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin**, lena n-áirítear:
- Cúrsaí oiliúna a eagrú agus freastal orthu, oiliúint sa stáisiún, ina measc;
- Stáisiún, flít na seirbhíse dóiteáin, agus bainistíocht trealaimh
- Bainistiú stáisiúin dóiteáin agus foirne;
- Pleananna réamhtheagmhais a fhorbairt agus a nuashonrú;
- Rannpháirtíocht in Uainchlár na nOifigeach Sinsearach Dóiteáin de réir Comhaontú Uainchláraithe 1996 (nó arna leasú).
- Freastal ar theagmhais mar oifigeach dóiteáin sinsearach uainchláraithe, oiliúint sa stáisiún agus cleachtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre;

**<u>Bainistíocht Mhóréigeandála</u>**, lena n-áirítear:
- Bainistiú Phlean Móréigeandála Chomhairle Contae Dhún na nGall;
- Oiliúint agus cleachtaí áitiúla agus réigiúnacha BMÉ a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu

**<u>Sláinte & Sábháilteacht</u>**, lena n-áirítear:
- An córas bainistíochta sábháilteachta a bhainistiú agus a oibriú;
- Measúnuithe riosca a dhéanamh ar threalamh, oiliúint, láithreacha oiliúna srl.

**<u>Comhaontú Uainchláraithe</u>**
Bainfidh téarmaí Chomhaontú Uainchláraithe an Oifigigh Dhóiteáin Shinsearaigh 1996 (nó arna leasú) leis an fhostaíocht seo.

## <u>3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist</u>

<u>Dhearbhaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil gur mar seo a leanas a leagfar amach na cáilíochtaí atá de dhíth faoi choinne post mar Príomh Oifigeach Dóiteáin Cúnta</u>

**(a) Carachtar:**
Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

**(b) Sláinte**
Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil. Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh a gceapachán.

Ní mór d'iontrálaithe nua sa tseirbhís dóiteáin a bheith ábalta ó thaobh na sláinte de* tabhairt faoi dhualgais oibríochtúla agus páirt a ghlacadh iontu, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le hobair na seirbhísí dóiteáin.
*Freastal ar fhorálacha "Caighdeáin Leighis d'Earcaigh Comhraiceoirí Dóiteáin Coinnithe" a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

**(c) Oideachas, Oiliúnt, Taithí, Srl.**
Ní mór do gach iarrthóir, ar an dáta is deireanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil, iad seo a leanas a bheith acu:

(a) Sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí:
- **(i)** céim ag Leibhéal 8 san innealtóireacht, san ailtireacht, nó i ndisciplín eile a bhaineann le tógáil foirgníochta,
  **nó**

(ii) cáilíocht ghairmiúil atá coibhéiseach le ceann amháin acu sin roimhe seo arna dhámhachtain ag an chomhlacht ghairmiúil ábhartha,
**nó**
(iii) céim ar Leibhéal 8 i ndisciplín a bhaineann le heolaíocht nó le teicneolaíocht lena n-áirítear, fisic, ceimic, eolaíocht chomhshaoil nó ríomhaireachta, teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide, nó disciplín a bhaineann le dóiteán lena n-áirítear sábháilteacht dóiteáin, bainistíocht éigeandála nó seirbhísí éigeandála,
**nó**
(iv) céim ag Leibhéal 8 mar aon le cáilíocht Leibhéal 9 i ndisciplín a bhaineann le dóiteán lena n-áirítear sábháilteacht ó dhóiteán, bainistíocht éigeandála nó seirbhísí éigeandála.

**AGUS**

(b) Eolas sásúil a bheith acu ar cheann amháin nó níos mó de na rudaí seo a leanas:
- -prionsabail agus cleachtais na sábháilteachta dóiteáin,
- -oibríochtaí na seirbhíse dóiteáin
- -bainistíocht mhóréigeandála
- -próisis theicneolaíocha agus thionsclaíocha
- -teileachumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise

**AGUS**

(c) Taithí shásúil ábhartha cúig bliana ar a laghad a bheith acu, lena n-áirítear taithí leordhóthanach i gceann amháin ar a laghad de na réimsí a shonraítear ag (b) thuas

**AGUS**

(d) Ardchaighdeán oiliúna a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na réimsí a shonraítear in (b) thuas agus, i gcás iontrálaí nua sa tseirbhís dóiteáin, oiliúint bhunúsach comhraiceoir dóiteáin a chríochnú go rathúil, Bunchúrsa Caiteoirí Gaireas Anála agus Cúrsa Iompraíochta Dóiteáin Urrainne roimh dhul in éag na tréimhse promhaidh

**AGUS**

(e) A bheith inniúil ar dhualgais na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtúil agus na cáilíochtaí cuí a bheith acu.

### (d) Riachtanais inmhianaithe

**Beidh an méid seo a leanas ag an iarratasóir idéalach**:
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta;
- Scileanna bainistiú daoine;
- Scileanna bainistiú Buiséid;
- Scileanna idirbheartaíochta agus ceannaireachta;
- Tuiscint ar reachtaíocht agus ar rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta agus ar a gcur i bhfeidhm san ionad oibre;

- An cumas tuairiscí teicniúla a ullmhú agus a chur i láthair;
- An cumas anailís chriticiúil ar shonraí eolaíocha a léirmhíniú agus tabhairt fúthu;
- Scileanna réiteach fadhbanna;
- Inniúlacht in oibriú na gCóras TFC.

**4. Mionsonraí an Phoist**

**(a) Ginearálta**
Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú do phost an *Príomh Oifigeach Dóiteáin Cúnta* as a líonfaidh sí aon fholúntas a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

**(b) Promhadh**
Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle. D’fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, faoi rogha na Comhairle**.**

**(c) Luach Saothair**
Is ionann an páscála náisiúnta bliantúil reatha agus: íosmhéid de €56,768 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €78,912 (LSI 2) (de réir ciorclán EL 01/2024).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

**(d) Bunáit**
Is i gCeanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin, Leitir Ceanainn, a lonnófar post an Príomh Oifigeach Dhóiteáin Cúnta.

D’fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Príomh Oifigeach Dhóiteáin Cúnta agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

**(e) Cónaí**
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

**(e) Uaireanta Oibre**
35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuairеanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile. D'fhéadfadh roinnt oibre lasmuigh de ghnáthuaireanta gnó a bheith i gceist le ról an Príomh Oifigeach Dóiteáin Cúnta ó am go chéile.

**(g) Ceanglas Tiomána**
Caithfidh iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

a. Ceadúnas Tiomána reatha iomlán chatagóir B a bheith acu;
b. A bhfeithicil féin a bheith ar fáil lena húsáid agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus cumhdóidh na liúntais chuí na costais ghaolmhara.
c. Thiocfadh dó go mbeidh ar an iarratasóir rathúil feithicil a sholáthraíonn Comhairle Contae Dhún na nGall a thiomáint lena húsáid ó am go chéile agus dualgais á gcomhlíonadh acu a shannann an Chomhairle.

**(h) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

## 5. Próiseas Earaíochta

**A. Foirm Iarratais**

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.

- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie

- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.

- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

**B. Gearrliostú**
Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha
iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú**
Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**
Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil**
Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**
*Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.*

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat
an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse
agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag:
www.donegalcoco.ie